An Garda Síochána

# Earcaíocht

# GARDAÍ FAOI OILIÚINT

### Eolas Cúlra:

Is é an Garda Síochána seirbhís náisiúnta póilíneachta agus slándála na hÉireann. Is é Misean an Gharda Síochána seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid.

### An Ról:

Áirítear leis na feidhmeanna a bhíonn ag ball den Gharda Síochána, i measc feidhmeanna eile:

- slándáil ár náisiúin a chinntiú;
- coiriúlacht a chosc agus a bhrath;
- cur le sábháilteacht an phobail;
- líon na ngortuithe marfacha agus tromchúiseacha ar ár mbóithre a laghdú agus sábháilteacht ar na bóithre a fheabhsú;
- oibriú le pobail chun iompar frithshóisialta a chosc;
- cur chuige idirghníomhaireachta a chur chun cinn i leith réiteach fadhbanna agus an cháilíocht fhoriomlán saoil a fheabhsú.

### An Duine Aonair:

Éilíonn an post mar Gharda Faoi Oiliúint iarratasóirí atá aclaí ar bhonn liachta agus go fisiciúil, a bhfuil mórtas speisialta acu as a bpobal, atá tuisceanach, eiticiúil agus paiseanta faoi chabhrú le daoine eile. Tá spéis speisialta ag An Garda Síochána i ndaoine ar spéis leo rud éigin a thabhairt ar ais dá bpobal trí obair dheonach bíodh sé trí Chúltaca an Gharda Síochána, Cúltaca Óglaigh na hÉireann, Cosaint Shibhialta nó aon eagraíochtaí deonacha eile. Freastalaíonn an Garda Síochána ar an bpobal ar fad agus spreagtar mná, agus iad sin as grúpaí éagsúla, machnamh a dhéanamh ar shlí bheatha i bpóilíneacht. Beidh na hiarratasóirí is mian linn a chur faoi oiliúint dea-eagraithe, cúramach agus beidh siad fíor-phointeáilte.

### Spriocdháta:

Dé Céadaoin, 6 Meitheamh 2018 ag 3pm

### Tuilleadh Eolais:

Tá tuilleadh eolais le haghaidh iarrthóirí féideartha ar na suíomhanna gréasáin www.garda.ie, www.publicjobs.ie agus www.careersportal.ie. Tá eolas le fáil freisin ar leathanach Facebook an Gharda Síochána.







**www.garda.ie | www.publicjobs.ie**